



# Eleathanach 380



Dé Luain, an 19 Aibreán, 2021

## Úinéir *Brown Thomas agus Arnotts* tar éis bháis!



Ba é Galen Weston úinéir *Brown Thomas agus Arnotts* agus fuair sé bás ar an dara lá déag de mhí Aibreáin tar éis tinneas fada. Bhí sé ochtó bliain d'aois.

Rugadh Galen i Sasana ach ansin bhog sé go Ceanada. Rinne sé staidéar ar riarachán gnó i *Huron University College* agus *University of Western Ontario*, ansin bhog sé go Baile Átha Cliath chun siopa grósaera a oscailt.

Phós sé Hilary Frayne in 1966. Nuair a cheannaigh sé *Brown Thomas* thug sé a chuid den siopa dá bhean Hilary mar bhronntanas.

## Mumaithe ó na pirimidí ar shráideanna na hÉigipte!

Tá a lán pirimidí san Éigipt agus tá clú agus cáil orthu ar fud an domhain. Thóg na hÉigiptigh na pirimidí do na Farónna nuair a fuair siad bás. Chuir siad na Farónna sna pirimidí mar mhumaithe. Bhí na Farónna i gceannas san Éigipt 3000 bliain ó shin.

Le 100 bliain anuas, tá na mumaithe sin i músaem i gCaireo, san Éigipt. Ach ag tús na míosa, bhí paráid as an ngnáth ann chun na mumaithe a bhogadh go músaem nua.

Thaistil ocht rí dhéag agus ceathrar banríonacha 5km ó mhúsaem amháin go músaem eile. Bhí ceol, damhsa agus tinte ealaíne ann ar an oíche.

Tá níos mó eolais faoi mhumaithe ar fáil san eagrán seo d'Eureka:  
<https://www.cogg.ie/wp-content/uploads/eureka-3-25.pdf>



## Turas suimiúil ach an-dainséarach!

Cé gur rugadh agus gur tógadh Brian Robson sa Bhreatain Bheag bhí cónaí air san Astráil sa bhliain 1965. Ag an am, bhí sé 19 mbliana d'aois agus bhí sé ag obair ar an iarnród.

Bhí cumha baile air tar éis beagnach bliain a chaitheamh san Astráil agus theastaigh uaidh filleadh ar a theaghlach sa Bhreatain Bheag. Ní raibh go leor airgid aige don turas ar an eitleán, ach bhí plean aige!

Bhí an oiread sin foinn air dul abhaile, i ndáiríre, go ndeachaigh sé i bhfolach i mbosca agus é istigh leis an mbagáiste eile ar an eitleán. Bhí sé mar aidhm aige taisteal abhaile go Caerdydd. Is rud an-dainséarach é seo toisc go mbíonn an chuid sin den eitleán an-te agus an-fhuar le linn an turais.

Chaith Brian ceithre lá ar an eitleán, agus idir rud amháin agus rud eile bhí sé ar ais in Sydney nuair a chríochnaigh an turas. Nuair a thuig na húdaráis nach raibh aon bhaol ag baint leis, thug siad ticéad dó don turas abhaile!



Traenacha ar an iarnród



Thóg sé a chás leis sa bhosca!



Roinn Froebel don Bhun- agus Luath-  
Oideachas, Ollscoil Mhá Nuad,



Coláiste Mhuire,  
BÁC 7

